2024/2421

16.9.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2421 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meán Fómhair 2024

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le formaildéad lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2 agus 3 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1763 ón gCoimisiún ([2]), formheasadh formaildéad mar shubstaint ghníomhach lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2 agus 3 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin ('an formheas'). Rachaidh an formheas in éag an 31 Eanáir 2025.

(2) An 7 Iúil 2023, an 11 Iúil 2023 agus an 27 Iúil 2023 cuireadh isteach iarratais i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le formaildéad lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2 agus 3 ('na hiarratais').

(3) An 10 Samhain 2023 chuir údarás inniúil meastóireachta na Gearmáine an Coimisiún ar an eolas gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur ghá meastóireacht iomlán a dhéanamh ar na hiarratais. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Féadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta, de réir mar is iomchuí, é a chur de cheangal ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirtear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá údar maith le fionraí níos faide mar gheall ar chineál na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis di moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, tá an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') le tuairim maidir le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Dá réir sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí orthu, is dócha go rachaidh an formheas in éag sula mbeidh cinneadh déanta maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais. Agus na teorainneacha ama á gcur san áireamh maidir leis an meastóireacht ag an údarás inniúil meastóireachta agus maidir leis na tuairimí ón nGníomhaireacht a ullmhú agus a chur isteach, agus an t-am a thógfaidh sé don Choimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfar athnuachan ar an bhformheas maidir le formaildéad lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2 agus 3 á chur san áireamh freisin, ba cheart an dáta éaga a chur ar atráth go dtí an 31 Iúil 2027.

(7) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth, beidh formaildéad formheasta go fóill lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2 agus 3 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1763 ón gCoimisiún,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1763 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 lena bhformheastar formaildéad mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 2 agus 3 (IO L 397, 26.11.2020, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1763/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le formaildéad lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2 agus 3 a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1763, cuirtear ar atráth é go dtí an 31 Iúil 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN